# An Bhantiarna Isabella Palmer

Bean shaibhir a bhí i mBantiarna Isabella Palmer. Chuir sí airgead ar fáil do mhainistir Phroinsiasach i gCill Chainnigh chun saingeal a thógáil. Ní bheadh aon rud ar eolas fúithi murach scríbhinní John Clyn.



# An Bhantiarna Isabella Palmer

Anois, féach ar an bhfíseán faoin mBantiarna Isabella Palmer agus faigh amach an bhfuil na habairtí seo a leanas Fíor nó Bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Cuireadh Isabella Palmer sa bhliain 1347 | **F** | |
| Thug sí airgead do mhainistir Phroinsiasach chun altóir a thógáil | | |
| Ord Bráithre a bhunaigh Naomh Prionsias as Assisi san Iodáil ba ea na Proinsiasaigh | | |
| Rinne manach Doiminiceach darbh ainm John Clyn tagairt don Bhantiarna Isabella Palmer ina chuid scríbhinní | | |
| Scríobh John Clyn roinnt mhaith faoin bPlá Mhór in Éirinn | | |
| Tháinig an Phlá Mhór chun na hÉireann sa tríú haois déag | | |
| Ceaptar gur tháinig an Phlá Mhór go hÉirinn trí na calafóirt, áit a raibh trádáil ar siúl idir Éire agus an Eoraip | | |
| Cailleadh an-chuid daoine in Éirinn mar gheall ar an bPlá Mhór | | |
| Bealach amháin inar scaip an Phlá ná trí theagmháil le sreabhán coirp | | |
| Bhí a fhios ag na dochtúirí chun daoine a raibh an Phlá orthu a leigheas | | |
| Fuair níos mó daoine bás faoin tuath ná sna ceantair uirbeacha mar gheall ar an bPlá Mhór | | |

# An Bhantiarna Isabella Palmer

Éire agus an Phlá Mhór

## Anois, léigh an léamhthuiscint seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanann i do chóipleabhar.

Tháinig an Phlá Mhór chun na hÉireann sa bhliain 1348. Ceaptar gur tháinig an Phlá isteach go hÉirinn tríd an gcalafort i mBaile Átha Cliath. Bhí dlúthnasc trádála idir Baile Átha Cliath agus Briostó i Sasana, áit a raibh an Phlá faoin mbliain 1348. Scaip an galar seo go gasta ar fud na tíre agus ba iad na ceantair mhóra uirbeacha cosúil le Cill Chainnigh, Droichead Átha agus Baile Átha Cliath ba mheasa a bualadh. Níor tháinig na ceantair tuaithe slán ón bPlá, ná baol air, ach toisc iad a bheith iargúlta agus gan daoine a bheith ina gcónaí anuas ar a chéile faoi mar a bhí siad sna ceantair uirbeacha níor cailleadh an méid céanna daoine faoin tuath. É sin ráite, ceaptar go mb'fhéidir go bhfuair thart ar 50% de mhuintir na hÉireann bás de bharr na Plá Móire. Tháinig lagú ar chumhacht na nAngla-Normannach in Éirinn mar gheall ar an bPlá. Bhí an smacht ba dhaingne ag an dream seo ar na ceantair uirbeacha, go háirithe in oirthear na tíre agus sa Pháil timpeall Bhaile Átha Cliath, agus mar sin d'fhulaing siad ní ba mhó ná na daoine faoin tuath áit a raibh an seanchóras Gaelach fós i réim. Chuaigh cumhacht na dTaoiseach Gaelach i dtreis sa tréimhse i ndiaidh na Plá. Chomh maith leis sin, tháinig athruithe móra ar chúrsaí talmhaíochta sa tír de bharr easpa oibrithe a bheith ann. Ní raibh go leor oibrithe timpeall na tíre chun an talamh a shaothrú agus mar sin bhí na hoibrithe a bhí fágtha in ann coinníollacha oibre agus pá níos fearr a éileamh.

Ba sna mainistreacha agus sna séipéil a lorg daoine cabhair agus an Phlá tolgtha acu. Thug manaigh, siúracha agus sagairt cúnamh leighis do na daoine ach i ndáiríre ní raibh tuairim ag aon duine conas an galar seo a leigheas i gceart. Ba mhinic a rinne an chóir leighis a cuireadh ar othair níos mó dochair dóibh ná a mhalairt. Baineadh fuil d'othair go minic mar chóir leighis ag ceapadh go gcabhródh sé seo leo ach, i ndáiríre, iarracht gan tairbhe a bhí inti.

# An Bhantiarna Isabella Palmer

Is é an taifead stairiúil is fearr dá bhfuil againn ón tréimhse seo ná ó mhanach Prionsiasach darbh ainm John Clyn. Scríobh sé faoin tionchar a bhí ag an bPlá ar a cheantar féin i gCill Chainnigh. Ceaptar go bhfuair sé féin bás de bharr gur tholg sé an Phlá. Tháinig plánna eile chun na hÉireann sna blianta a lean an Phlá Mhór ach ní raibh siad chomh marfach céanna leis an bPlá Mhór.

## Gluais:

calafort = áit a mbíonn báid agus longa ag teacht agus ag imeacht

Briostó = cathair atá suite in iardheisceart Shasana. Bhí calafort Bhriostó ar cheann de na calafoirt ba mhó agus ba ghnóthaí i Sasana sa 14ú hAois.

iargúlta = áit nach bhfuil ach fíorbheagán daoine ina gcónaí inti

Na hAngla-Normannaigh = sliocht na Normannach a tháinig go hÉirinn sa dara haois déag.

an Pháil = ceantar in oirthear na tíre a raibh dlí agus nósanna Shasana i bhfeidhm

oibrithe = daoine a oibríonn leis an talamh

tolgtha = galar a bheith ort

cóir leighis = cabhair i bhfoirm leighis

# An Bhantiarna Isabella Palmer

## Ceisteanna

1. Cathain a tháinig an Phlá Mhór go hÉirinn?
2. Ainmnigh dhá áit in Éirinn ar buaileadh go dona leis an bPlá.
3. Cén dream a chaill cumhacht in Éirinn de bharr na Plá?
4. Cén áit a raibh an Pháil?
5. Cad a tharla do na hoibrithe a shaothraigh an talamh mar gheall ar an bPlá?
6. Cá ndeachaigh na daoine agus iad sa tóir ar chóir leighis i rith na Plá Móire?
7. Déan cur síos ar chóir leighis amháin a cuireadh orthu siúd a raibh an Phlá tolgtha acu?
8. Cén t-ord reiligiúnach lenar bhain John Clyn?
9. Fiosraigh ar líne an bhfuil aon taifid stairiúla ar fáil faoin bPlá i do chontae féin? Déan iarracht eolas a fháil faoin bPlá Mhór i do cheantar féin.
10. Breac síos cúig fhíric nua a d’fhoghlaim tú faoin bPlá Mhór in Éirinn agus an leamhthuiscint seo léite agat.

# An Bhantiarna Isabella Palmer

Anois,  meaitseáil na focail ar clé lena míniú ar deis. Tá an chéad cheann déanta.

| | |
|---|---|
| na Gaeil | teangacha a labhair na hAngla-Normannaigh taobh istigh den Pháil |
| an Béarla agus an Fhraincis | ceann de na ceantair uirbeacha ba mheasa a buaileadh ag an bPlá Mhór |
| greamanna ó dhreancaidí ar fhrancaigh | an faoin gcéad de mhuintir na hÉireanna cheaptar a cailleadh le linn bhlianta na Plá Móire |
| Briostó | plandaí a úsáideadh mar chóir leighis i gcoinne na Plá |
| na hAngla-Normannaigh | comharthaí sóirt na Plá |
| Éamann III | ord reiligiúnach a bhunaigh Naomh Prionsias san Iodáil |
| Cill Chainnigh | Rí Shasana idir na blianta 1327 agus 1377 |
| na Proinsiasaigh | móramh de mhuintir na hÉireann a raibh cónaí orthu taobh amuigh den Pháil den chuid is mó |
| luibheanna | ceann de na príomhchalafoirt i Sasana sa cheathrú haois déag |
| 50% | bealach amháin a d'aistrigh an Phlá ó dhuine go duine |
| Sraothartach, spotaí dubha ar an gcraiceann agus fuil sna casachtaí | mionlach de mhuintir na hÉireann a raibh cónaí orthu taobh istigh den Pháil den chuid is mó |

# An Bhantiarna Isabella Palmer

Seo a leanas 3 fhíric stairiúla faoin tionchar fadtéarmach a bhí ag an bPlá Mhór ar Éirinn:

1. Thit daonra na hÉireann go mór de bharr na Plá. Fágadh an-chuid sráidbhailte agus feirmeacha gan aon duine iontu. Go hiorónta, bhí na daoine nár cailleadh ní b'fhearr as tar éis na Plá mar bhí siad in ann coinníollacha oibre níos fearr a éileamh ó na tiarnaí talún de bharr easpa oibrithe a bheith ann.
2. Rinneadh ath-ghaelú ar chuid mhaith de shochaí na hÉireann. Ba iad na ceantair uirbeacha ba mheasa a buaileadh le linn na Plá. Ba iad seo na háiteanna a raibh na hAngla-Normannigh lonnaithe. Cailleadh an-chuid díobh agus tháinig laghdú ar a gcumhacht mhíleata agus pholaitiúil sa tír sna blianta a lean an Phlá Mhór.
3. Ritheadh Reachtanna Chill Chainnigh sa bhliain 1366, blianta beaga tar éis na Plá Móire. Is éard a bhí sna Reachtanna ná dlíthe a chuir Rí Shasana i bhfeidhm in Éirinn chun cumhacht Shasana sa tír a neartú arís.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta